# Coláiste Lurgan

Teastaíonn uait dréaċta a ḃeaḋ cumṫa ina ḃéarsa
faoi eaċtra a ṫárla sa mbliain seo a ċuaiḋ ṫart
más beiṫíoċ ceiṫre-ċosaċ, ḋé-ċosaċ nó aon rud,
aċ é ḃeiṫ tarrnaiġe le ċéile i gcóir is i gceart.

Ní faoi aon ċineál ainmí a ċumfas mé an ḃéarsa
ná faoi aon ḃreac ins an éisginn an liús nó an cad
aċ faoi Ċoláiste Lurgan a ḋéarfas mé an méid seo
an coláiste is íontaí atá in Éirinn ar fad.

San mbliain míle naoi gcéad seasga is a sé
sea fuair muid an léargus go raiḃ a leiṫéide le teaċt
coláiste beannaiṫe a slánóḋ an Ġaeilge
go mbeaḋ scríoḃ agus léaṁ inti is gaċ ní go cruinn beaċt.

Nuair a scaipeaḋ an dea-scéala seo ṫart ins an nGaeltaċt
ṫáinig lasair sa ngréin ġil agus róstfaḋ sí mart
ṫáinig iontú sa ḃfarraige is ṫosaiġ sí ag réabaḋ
mar súil le mac Dé is go raiḃ an imirce ṫart.

Ar an gceaṫrú lá déag sea gearraḋ an foundation
agus ar an seaċtú lá déag se líonaḋ é isteaċ
i lár Ġleann na Coille mar is ann a ḃí an réiteaċ
ní raiḃ aiteann ná dris ann feoċnán ná sceaċ.

Ḃailiġ na tréan-ḟir a ḃí ṫart timpeall sa réigiún
ċuile ḟear ina léine agus a ċuid tools ina ḃag
nó gur tóigeaḋ ó ṫalaṁ í an ċoláiste Ġaeilge
gan ṁoill ar biṫ déanaṁ ní raiḃ gíog ann ná gag.

Cé déarfaḋ linn tamall go dtiocfaḋ an saol
go mbeaḋ coláiste Ġaeilge tógṫaí ó ḋeas
ag bruaċ Ġleann na Coille náċ mbíoḋ inti naċ éanlaiṫ
ar sgáṫ is ar ḟasgaḋ ón ḃfuaċt is ón teas.

Nuair a críoċnaiġ an Ċoláiste tráṫnóna Dé Céadaoin
ḃailiġ na céadta, bunáite na Gaeltaċta idir óg agus sean
is ġuiḋ siad gaċ áḋ, gaċ sonas is séan
ar Ċoláiste Lurgan is iad a ḃí i ndon.

Déarnaḋ go dearfa í gan ṁairg gan ḃréag
gan camaḋ gan claonaḋ aċ gaċ ní mar is ceart
mar níor leigeaḋ ina gaoire seoiníní an Ḃéarla
óir fear as an nGaeltaċt a fuair an contract.

Péinteálaḋ ṫart a cuid ballaí fré ċéile
dearg in íoċtar, buí, bán agus geal
agus nuair a críoċnaíoḋ ar fad í nárḃ álainn í an péarla
aċ fainic a nḋéarfa naċ mairfeaḋ sí aċ seal.

A Ċoláiste Lurgan molaim-se ḟéin tú
mo ḃean is mo ċlann is mo ġaolta ar fad
na coṁarsannaí geanúil atá i mbaile is is gcéin a'm
molann siad ḟéin í is fáġann siad a ċead.

Ní ar biṫ is tairḃí ní h-eol dom-sa ḟéin é
le slánú na Gaeltaċt'a ċur ina reaċt
ná Coláiste Lurgan atá i gceartlár an réimse
a dteanga náċ séanfaḋ a gcultúr ná a gceart.

Tá freastal na gcéadta ar an gColáiste Ġaeilge
as gaċ ceárd ar fud Éireann is iad ag tosaí an tsaoil,
aċ anois céard faoi'n tréanḟear a ṫug iad le ċéile
molfad go h-éag é an tUasal Ó Foiġil.

Siúd é an dea-Ġael a rinne an gníoṁ éaċtaċ
d'oibriġ go géar le iad a ṫarraingt ċun cinn
aċ ċunns a ḃeas féar ar ṫalaṁ na hÉireann
tá súil le Mac Dé agam naċ mbeiḋ seisean 'tinn.

Ċruinniġ sé is ḃailiġ sé cúig nó sé ċéadta
scoláirí Gaeilge as gaċ ceárd don tír
le h-aġaiḋ Coláiste Lurgan a tógaḋ san nGaeltaċt
nó gur múineaḋ i nGaeilge ḋóiḃ gaċ alt agus mír.

Tá múinteoirí geanúil ann naċ gcumfaḋ aon ḃréaga
ag obair le h-éirim ó ṁaidin go h-oíċe,
ag múineaḋ, ag ceartú is ag teagasc na Gaeilge
níḋ naċ ḃfuil éasga naċ is cuma leob faoi.

Sé iomrá lomrá na gcailleaċ anall as Tír Ṡéarlais
go raiḃ an Ġaeilge ḋá séanaḋ is gur Béarla a ḃeaḋ ann
aċ sí Coláiste Lurgan a ċruṫós gur bréag é
nuair a ruaigfear as Éirinn luċt léiġte gaċ plean.

Tá slaċt ar an nGaeltaċt ó tá an Coláiste a fréaṁú
níl ann aċ <u>grabe a</u> iḃir óg agus sean
níl blas ar an mBéarla a'c mar ḃéaḋ ar ḟata bó gréine
mar ní ṫeastaíonn uainn ḟéin aċ Gaeilgeoirí glan.

Má castar Cois Ḟarraige tú cuir tuairisc an Ṗéarla
Coláiste Lurgan atá anois i gceist a'm
spáinfiḋ muid timpeall duit í a cuid seomraí fré ċéile
beiḋ mise nó Séamus ann Micil nó Tom.

Ó tá an t-am a fáil goirid críoċnó mé mo ḃéarsa
is ní ḃeiḋ againn san nGaeltaċt amaid nó sraoill
beiḋ seoiníní an Béarla ḋá ndíbirt as Éirinn
agus fuip ṁór ḋá léasaḋ ag an Uasal Ó Foiġil.

Colm Ó Finneaḋa, Loċán Beag a ċum.

<u>Nóta</u> : Seán Ó Donnċaḋa, Teaċ Mór a d'aiṫris Martainn Ṗádraic.